

Rith 2016

Ceist 1

Beidh tú ag féachaint ar ball ar scéal gearr nuachta. Sula bhféachann tú ar an tuairisc, áfach, déan iarracht na focail thíos a cheangal le chéile.

1. as part of	a. teachtaireacht dóchais
2. organised	b. mar chuid de
3. the event	c. ar son na teanga
4. the runners	d. tacaíocht a léiriú do
5. carrying	e. an ócáid
6. a message of hope	f. laochra na Cásca
7. destination	g. d'eagraigh
8. show support for	h. na reathaithe
9. Easter heroes	i. ag iompar
10. for the sake of the language	j. ceann scríbe

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Anois, féach ar an tuairisc den chéad uair le feiceáil an féidir leat na focail sin a aithint sa mhír nuachta.

Ceist 2

Féach ar an tuairisc arís. An bhfuil na habairtí seo fíor nó bréagach?

Rith 2016 mar chuid de Sheachtain na Gaeilge

- Is iad Gael Linn agus Conradh na Gaeilge a d'eagraigh *Rith 2016*.
- Thosaigh an ócáid i gCill Dara.
- Léifidh na reathaithe an teachtaireacht dóchais amach nuair a bhainfidh siad Baile Átha Cliath amach.
- Tá an tUachtarán, Micheál D. Ó hUigín, ag rith sa rás.
- Tá siad ag rith timpeall na tíre chun poiblíocht a dhéanamh do Chonradh na Gaeilge.

Ceist 3

An aimsir chaite

Bhí ceithre bhriathar agus briathar saor amháin san aimsir chaite sa mhír, cad iad?

An féidir leat ceisteanna a chumadh leis na briathra sin anois, agus iad a chur ar an duine in aice leat.

Ceist 4

'...le tacaíocht a léiriú agus tacaíocht a bhailiú...'

Cén ghné den ghramadach atá i gceist leis na focail atá i gcló trom thuas?

Cuir an fhoirm cheart de na briathra atá idir lúbíní sna spásanna thíos.

1. Caithfidh mé m'obair bhaile a (déan) _____.
2. Beidh uirthi an aiste a (scríobh) _____ arís.
3. Is mór an trua nach bhfuil Seán anseo ach tá míle aiste le (ceartaigh) _____ aige.
4. Ní féidir liom an fheoil sin a (ith) _____; tá sí lofa.
5. Ar mhiste leat an fhuinneog a (dún) _____, le do thoil?
6. Déarfadh mé arís é, chun an pointe a (soiléirigh) _____.
7. Ba bhreá liom an mála sin a (ceannaigh) _____ ach níl go leor airgid agam.
8. Bígí ciúin. Ní féidir liom an léachtóir a (clois) _____.

Ceist 5

Pléigh an cheist seo le do ghrúpa:

Cén t-eolas atá agaibh ar na heagraíochtaí agus ar na hócáidí seo a luadh sa mhír?

- Seachtain na Gaeilge
- Glór na nGael
- Conradh na Gaeilge
- Éirí Amach na Cásca

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
b	g	e	h	i	a	j	d	f	c

Ceist 2

Rith 2016 mar chuid de Sheachtain na Gaeilge

- Is iad Gael Linn agus Conradh na Gaeilge a d'eagraigh *Rith 2016*. **Bréagach** (*Is iad Glór na nGael agus Conradh na Gaeilge a d'eagraigh an rás.*)
- Thosaigh an ócáid i gCill Dara. **Fíor**
- Léifidh na reathaithe an teachtaireacht dóchais amach nuair a bhainfidh siad Baile Átha Cliath amach. **Fíor**.
- Tá an tUachtarán, Micheál D. Ó hUigínn ag rith sa rás. **Bréagach** (*Eisean a scríobh an teachtaireacht.*)
- Tá siad ag rith timpeall na tíre chun poiblíocht a dhéanamh do Chonradh na Gaeilge. **Bréagach** (*Tá siad ag rith timpeall na tíre chun tacaíocht a ghríosú don Ghaeilge.*)

Ceist 3

- tháinig: Ar tháinig sé? Tháinig./Níor tháinig.
- d'eagraigh: Ar eagraigh sí? D'eagraigh./Níor eagraigh.
- thosaigh: Ar thosaigh sé? Thosaigh./Níor thosaigh.
- chuaigh: An ndeachaigh sí? Chuaigh./Ní dheachaigh.

- fritheadh (fuarthas): An bhfuarthas? Fuarthas./Ní bhfuarthas.

Ceist 4

An t-ainm briathartha

1. Caithfidh mé m'obair bhaile a **dhéanamh**.
2. Beidh uirthi an aiste a **scríobh** arís.
3. Is mór an trua nach bhfuil Seán anseo ach tá míle aiste le **ceartú** aige.
4. Ní féidir liom an fheoil sin a **ithe**; tá sí lofa.
5. Ar mhiste leat an fhuinneog a **dhúnadh**, le do thoil?
6. Déarfaidh mé arís é, chun an pointe a **shoiléiriú**.
7. Ba bhreá liom an mála sin a **cheannach** ach níl go leor airgid agam.
8. Bígí ciúin. Ní féidir liom an léachtóir a **chloisteáil**.

Ceist 5

Is féidir na foghlaimeoirí a chur ag plé na ceiste seo i mbeirteanna nó i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar.

Eimear Ní Chonaola

Anois, tháinig *Rith 2016* go Conamara tráthnóna mar chuid de Sheachtain na Gaeilge. Is iad Glór na nGael agus Conradh na Gaeilge a d'eagraigh an ócáid, a thosaigh i gCill Dara, Dé hAoine seo caite. Tá na reathaithe ag iompar teachtaireacht dóchais ó Uachtarán na hÉireann, Michael D. Higgins¹, agus léifear amach an teachtaireacht nuair a bhainfidh siad ceann scríbe amach i mBaile Átha Cliath, Dé Luain seo chugainn.

Donncha Ó hÉallaithe, Cumann Forbartha Cois Fharráige

Tá siad tar éis teacht ó Inis inniu agus tá siad ag rith timpeall na ... timpeall na tíre, is dócha le tacaíocht a léiriú don Ghaeilge agus tacaíocht a bhailiú don Ghaeilge agus is iontach an rud é, go speisialta sa bhliain seo 2016 nuair atáimid ag déanamh comóraidh ar laochra na Cásca a chuaigh amach ag troid ar ár son agus, is dócha, ar son na teanga freisin, céad bliain ó shin.

¹ *Micheál D. Ó hUigín* a ainm i nGaeilge